Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15828/23**

**MAP 53**
**MI 1020**
**COMPET 1156**
**DELACT 184**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 7642 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 15.11.2023 lena leasaítear Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis na tairseacha le haghaidh conarthaí poiblí soláthair, seirbhísí agus oibreacha, agus le haghaidh comórtais deartha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 7642 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 7642 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.11.2023
C(2023) 7642 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 15.11.2023**

**lena leasaítear Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis na tairseacha le haghaidh conarthaí poiblí soláthair, seirbhísí agus oibreacha, agus le haghaidh comórtais deartha**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 6 de Threoir 2014/24/AE maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Is é is cuspóir do na gníomhartha sin athbhreithniú a dhéanamh ar na tairseacha a bhfuil feidhm acu maidir leis na conarthaí sin.

San Airteagal sin sonraítear freisin gur féidir, i gcás ina mbíonn srianta ama ann, úsáid a bhaint as an nós imeachta práinne, i gcomhréir le hAirteagal 88 den Treoir sin.

De réir Airteagal 6(1) de Threoir 2014/24/AE, ríomhtar na tairseacha ar bhonn mheánluach laethúil an euro i dtéarmaí na gCeart Tarraingthe Speisialta (CTSanna), thar thréimhse 24 mhí dar críoch an 31 Lúnasa roimh an athbhreithniú, le héifeacht ón 1 Eanáir.

Dá bhrí sin, ní féidir tús a chur le ríomh na dtairseach tráth níos luaithe ná an 1 Meán Fómhair mar gheall ar infhaighteacht sonraí. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 6(4) den Treoir, ní mór don Choimisiún na tairseacha athbhreithnithe (in euro) agus a luachanna comhfhreagracha in airgeadraí náisiúnta na mBallstát den Aontas Eorpach a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ag tús mhí na Samhna.

I bhfianaise an mhéid thuas, agus chun an sprioc-am thuasluaite a bhaint amach, tá an Coimisiún chun an nós imeachta práinne a úsáid chun an rialachán seo a ghlacadh.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Sholáthar Poiblí maidir leis an Rialachán seo agus maidir leis an Teachtaireacht a ghabhann leis.

## 3. GNÉITHE DLÍTHIÚLA AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Oibríocht go hiomlán matamaiticiúil is ea ríomh na dtairseach le haghaidh na dTreoracha um sholáthar poiblí agus, dá bhrí sin, níl san athbhreithniú ar an tairseach ann féin ach beart teicniúil.

Ní mór é a dhéanamh gach dhá bhliain i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontaithe maidir le Soláthar Rialtais de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála. Is é is cuspóir do na coigeartuithe ceartúchán a dhéanamh i gcás aon ghluaiseacht airgeadra idir na sínitheoirí a dhéanfadh difear do mhéid a gcuid margaí soláthair phoiblí atá ar oscailt d’iomaíocht ó chuideachtaí i dtíortha sínithe eile.

Tá sásra ag an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais lena ndéantar athríomh ar luach coibhéiseach a chuid tairseach, luach a shocraítear de réir Cearta Tarraingthe Speisialta, in airgeadraí a chuid páirtithe gach dhá bhliain. Tugtar éifeacht dhlíthiúil don sásra sin trí Airteagal 6 de Threoir 2014/24/AE.

Ar mhaithe le comhsheasmhacht, is iomchuí ailíniú a dhéanamh ar na tairseacha sin i dTreoir 2014/24/AE nach gcumhdaítear leis an gComhaontú.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 15.11.2023**

**lena leasaítear Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis na tairseacha le haghaidh conarthaí poiblí soláthair, seirbhísí agus oibreacha, agus le haghaidh comórtais deartha**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE[1], agus go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 6(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2014/115/AE[2], d'fhormheas an Chomhairle an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais[3] a tugadh i gcrích faoi chuimsiú na hEagraíochta Domhanda Trádála. Ionstraim ilpháirtí is ea an Comhaontú leasaithe maidir le Soláthar Rialtais ('an Comhaontú') agus is é is cuspóir dó margaí soláthair rialtais a oscailt go frithpháirteach i measc a chuid páirtithe. Baineann an Comhaontú le haon chonradh soláthair lena mbaineann luach a shroicheann nó a sháraíonn na méideanna a leagtar amach ann ('tairseacha') agus a shloinntear mar chearta tarraingthe speisialta.

(2) Ceann de chuspóirí Threoir 2014/24/AE is ea cead a thabhairt do na húdaráis chonarthacha a chuireann an Treoir sin i bhfeidhm na hoibleagáidí a leagtar síos sa Chomhaontú a chomhlíonadh ag an am céanna. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar na tairseacha a leagtar síos sa Treoir sin chun a áirithiú go mbíonn na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 4, pointí (a), (b) agus (c) de Threoir 2014/24/AE ag comhfhreagairt do na tairseacha a bunaíodh sa Chomhaontú. I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Threoir 2014/24/AE, tá na tairseacha a bunaíodh in Airteagal 13 den Treoir sin le hailíniú leis na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 4, pointí (a) agus (c), den Treoir sin.

(3) Le hAirteagal 6(1) de Threoir 2014/24/AE ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh gach dhá bhliain ar na tairseacha le héifeacht ón 1 Eanáir. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag na tairseacha do na blianta 2024-2025 ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh.

(4) Ní féidir tús a chur le ríomh na dtairseach tráth níos luaithe ná an 1 Meán Fómhair mar gheall ar infhaighteacht sonraí. De réir Airteagal 6(4) den Treoir, ní mór don Choimisiún na tairseacha athbhreithnithe (in euro) agus a luachanna comhfhreagracha in airgeadraí náisiúnta na mBallstát den Aontas Eorpach a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an*

1 IO L 94, 28.3.2014, lch. 65.

2 Cinneadh 2014/115/AE ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail lena leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais (IO L 68, 7.3.2014, lch. 1).

3 IO L 68, 7.3.2014, lch. 2.

*Aontais Eorpaigh* ag tús mhí na Samhna. I bhfianaise an mhéid thuas, agus chun an sprioc-am thuasluaite a bhaint amach, tá an Coimisiún chun dul i muinín an nós imeachta práinne chun an rialachán seo a ghlacadh.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2014/24/AE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 2014/24/AE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear 'EUR 5 538 000 in ionad 'EUR 5 382 000';

(b) i bpointe (b), cuirtear 'EUR 143 000'; in ionad 'EUR 140 000';

(c) i bpointe (c), cuirtear 'EUR 221 000' in ionad 'EUR 215 000';

(2) in Airteagal 13, leasaítear an chéad mhír mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear 'EUR 5 538 000 in ionad 'EUR 5 382 000';

(b) i bpointe (b), cuirtear 'EUR 221 000'; in ionad 'EUR 215 000'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15.11.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*